# Lá Oscailte ag an mBriogáid Dóiteáin

Eochairfhocail: plean, trealamh, éalú, spléachadh

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cá háit a raibh an Lá Oscailte ag an deireadh seachtaine?
2. Luaigh rud amháin tharla ag an Lá Oscailte?
3. Cé mhéad taispeántas a bhí ann?
4. Céard atá tábhachtach dar le Mollaí?

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat na rialacha seo a cheartú?**

Ná fág páistí sa bhaile leo/leis/léi féin.
Ná déan dearmad an t-aláram dóiteáin a thástáil gach seachtaine/seachtainí/seachtain.
Déan cinnte go bhfuil múchtóir tine agat sa bhaile agus go bhfuil sé ag obair/ag oibre/oibreacha.
Bíodh plean agat má tá tine i do theach ionas go mbeidh gach duine in ann/i ndán/in aon éalú.
Ná lig do bpáistí/páistí/pháistí a bheith ag spraoi le coinnle ná le cipíní.
Déan cinnte go bhfuil eochair don/den/de doras tosaigh ar fáil chun éalú.

# Na Freagraí

1. Stáisiúin Dóiteáin Fhál Carrach
2. Fuair daoine óga spléachadh ar an trealamh sa stáisiún, bualadh le daoine a oibríonn ann agus foghlaim faoi shábháilteacht dóiteáin
3. Dhá cheann
4. Plean a bheith agat má tá tine sa bhaile

1. Ná fág páistí sa bhaile leo féin.
2. Ná déan dearmad an t-aláram dóiteáin a thástáil gach seachtain.
3. Déan cinnte go bhfuil múchtóir tine agat sa bhaile agus go bhfuil sé ag obair.
4. Bíodh plean agat má tá tine i do theach ionas go mbeidh gach duine in ann éalú.
5. Ná lig do pháistí a bheith ag spraoi le coinnle ná le cipíní.
6. Déan cinnte go bhfuil eochair don doras tosaigh ar fáil chun éalú.